



2023

Athbhreithniú ar an mBliain



NSAI



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Innéacs

Sa tuarascáil seo...

NSAI: Feabhsú gnó agus nuálaíocht á gcur chun cinn do thodhchaí na hÉireann **3**

Eagraíochtaí Éireannacha a chumasú: 2023 de réir uimhreacha **4**

Caighdeáin

Méadreolaíocht dhlíthiúil


Eolaíocht an tomhais

Deimhniúchán

Athrú uailmhianach a bhaint amach: Scéala ón gCathaoirleach & ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin **6**

Barr feabhais a chumasú: Buaicphointí 2023 **7**

Ár gcuid oibre a chur i gcomhthéacs: Forbhreathnú straitéiseach & beartais 2023 **11**



NSAI: Feabhsú gnó agus nuálaíocht á gcur chun cinn do thodhchaí na hÉireann

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) comhlacht oifigiúil caighdeán na hÉireann a bhíonn i mbun nuálaíochta chun **todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus inbhuanaithe** a mhúnlú.

Le beagnach 30 bliain, chuireamar **seirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais** ar fáil ar son stát na hÉireann.

Ag tuairisciú don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Gnó Miondíola sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, is comhpháirtí feabhsaithe gnó sinn — ag cabhrú le gnólachtaí na hÉireann a bheith nuálach agus fás ar ardán domhanda.

Ar ár gcuid cliant tá Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide Éireannacha agus gnólachtaí ilnáisiúnta ar fud 30 tír. Cuidímid leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- + nuáil
- + bheith iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta
- + cloí le chaighdeáin, le dlíthe agus le rialacháin ábhartha
- + feabhsú ar bhonn leanúnach

Faigh amach faoin gcaoi a gcuidímid le heagraíochtaí bheith faoi rath:

Éire: NSAI.ie

An Ríocht Aontaithe: NSAI.uk

Domhanda: NSAlinc.com

Eagraíochtaí Éireannacha a chumasú: 2023 de réir uimhreacha

Caighdeán agus forbairt caighdeán




258,128
caighdeán a ndearnadh amharc orthu/íoslódáilte



1,372
chaighdeán foilsithe



243
fáilte curtha roimh
243 ball nua chuig coistí teicniúla



6,770
áitreabh ar tugadh cuairt orthu ar fud na hÉireann



Méadreolaíocht dhlíthiúil

24,607
n-ionstraim trádála a bhfuil iniúchadh déanta orthu



5,200
deimhniúchán calabrúcháin eisithe do 420 cuideachta

Eolaíocht an tomhais tríd an tSaotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta

515
lá taighde curtha i gcrích ag eolaithe tomhais do chlár taighde Eorpacha



20
cúrsa oiliúna NML soláthartha, ar fheastail 74 comhlacht Éireannacha orthu

Deimhniúchán

trí NSAI, NSAI Crp agus Dheimhniúchán NSAI na Ríochta Aontaithe



2,935

lá iniúchta curtha i gcrích le haghaidh deimhniúcháin feiste leighis



9,051
táirge mótarfheithicle ceadaithe



409
deimhniúchán i gcóras nua bainistíochta eisithe



989
táirge foirgníochta formheasta



320
suiteálaí inslithe cláraithe



25
cliantchomhlacht nua a ndearnadh freastal orthu trí Dheimhniúchán NSAI na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear marcáil UKCA



9
ndeimhniúchán nua MMC foilsithe, lena n-áirítear leasuithe ar dheimhniúcháin atá ann cheana féin*



19
fiosrúchán nua MMC (Modhanna Nua-Aimseartha Tógála) faighte*

*Bunaiodh Lárionad NSAI le haghaidh Modhanna Nua-Aimseartha Tógála Meitheamh 2023, taobh istigh den Rannán Deimhniúcháin.

Athrú uailmhianach a bhaint amach: Scéala ón gCathaoirleach & ón POF



James Kennedy
Cathaoirleach



Geraldine Larkin
POF

Ó phleanáil go gníomh

I bPlean straitéiseach NSAI (2022-2026) leagtar amach ár gcuspóirí uailmhianacha, atá dírithe ar an méid seo a leanas:

- + fás ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide Éireannacha
- + gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht
- + claochlú digiteach
- + fás ar theicneolaíocht leighis (medtech)
- + an timpeallacht thógtha, ag comhlíonadh tiomantas don bheartas maidir le Tithíocht do Chách

In 2023, baineadh an iomad príomhchuspóirí amach, a bhuíochas le dianullmhúchán agus le dian-chomhoibriú ár gcomhghleacaithe, boird, oifigeach roinne, ball coiste agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

Dá bharr sin, d'éirigh linn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- + ainmniúchán faoin **Rialachán maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (IVDR)** a bhaint amach chun measúnaithe comhréireachta a dhéanamh agus deimhniúcháin CE-marcáilte a thabhairt d'earnáil na bhfeistí leighis.
- + **scéim nua deimhniúcháin i Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MMC)**, a sheoladh, mar thacú le Tithíocht do Chách.
- + an chéad **Treochlár maidir le Caighdeáin agus Dearbhú Intleachta Saorga**, de chuid na hÉireann a sheoladh, faoin Straitéis Náisiúnta maidir le hIntleacht Shaorga.
- + táirgí tógála a rinneadh in Éirinn a dheimhniú le **marc UKCA** den chéad uair, le cur isteach i margadh na Ríochta Aontaithe.
- + an chéad **Ghreille Comhuainithe Náisiúnta** de chuid na hÉireann a chur i bhfeidhm, chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfar rianú fíor-ama nach mór ar sheasmhacht clog i gcomórtas le hAm Uilíoch Lárnach (UTC).
- + **an Bailiúchán Iarfheistithe de mholtaí caighdeánacha** a sheoladh, chun uasghrádú foirgneamh inbhuanaithe agus éifeachtúil a threorú.
- + iniúchadh a dhéanamh ar níos mó ná **24,000 ionstraim trádála**, idir earraí gloine in áitribh cheadúnaithe agus scálaí meáite in ollmhargaí.
- + **dhá ionad nua barr feabhais** a bhunú: Ionad Barr Feabhais um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Inbhuanaitheacht agus Ionad Barr Feabhais um Chlaochlú Digiteach.
- + an chéad **Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide** de chuid NSAI a fhorbairt, faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Gníomhú ar son na hAeráide.

Cuidiú leis an straitéis Eorpach um chaighdeánú a chur i bhfeidhm

Tá sé ríthábhachtach caighdeánú a choinneáil ar chlár oibre lucht ceaptha beartas ar na leibhéal is airde. Mar fhoras oifigiúil caighdeán na hÉireann, bhíomar ar siúl ag an gcéad Fhóram Ardleibhéal um Chaighdeánú Eorpach in 2023, ar chuireadh ón gCoimisiún Eorpach.

Ina theannta sin, rinneamar ceiliúradh ar chion na hÉireann don chaighdeánú Eorpach ag ár bhFóram bliantúil um Chaighdeáin agus ag na Gradaim bhliantúla i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus thugamar isteach duais speisialta chun ceiliúradh a dhéanamh ar an 50ú bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

Ba é téama na hócáide an geilleagar ciorclach, nasctha le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Táimid le díriú níos mó ar an inbhuanaitheacht in 2024 agus ina dhiaidh sin.

Leanann NSAI leis an inbhuanaitheacht a leabú i ngach rud a dhéanaimid, chun tacú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus le Treoir an Aontais maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Straitéis atá dírithe ar an todhchaí: Cá bhfuil ár dtriall?

Agus aghaidh á tabhairt againn ar dhúshláin na todhchaí agus fáilte á cur againn romhaibh, ní mór go léireoidh ár gcuid oibre phríomhthosaíochtaí an rialtais agus an Aontais. Agus plean straitéiseach an NSAI á chur i bhfeidhm againn, is mian linn deiseanna a chuireann le spriocanna na hÉireann a thapú. Tá cur i gcrích an phlean sin d'Éirinn agus dár bpobal gnó domhanda ríthábhachtach don rath a bheidh orainn amach anseo.

Barr feabhais a chumasú: buaicphointí 2023

Eanáir 2023

Cigireachtaí dlíthiúla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Chuir Cigirí Méadreolaíochta Dlí an NSAI tús leis an mbliain nua in Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag déanamh cigireachtaí tacsaiméadair.

Fóram Eorpach um Chaighdeánú

D'fhreastail NSAI ar an gcéad Fhóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach sa Bhruiséil, chun tacú le Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caighdeánú. Chuir an Coimisiún Eorpach an Fóram ar bun chun saineolaithe a thabhairt le chéile chun comhairle a chur air maidir le tosaíochtaí caighdeánaithe atá ar na bacáin.

Cuideoidh ionchur ón NSAI, mar aon lenár gcomhaltaí eile den Fhóram, leis an obair chaighdeánaithe a ailíniú le cuspóirí níos leithne an Aontais. Cothófar leis sin Margadh Aonair a bheidh níos glaise, níos digití, níos cothroime agus níos athléimní.

Feabhra 2023

Garsprioc: ainmniú feistí leighis

Bhain NSAI ainmniú amach faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (AE) 2017/746, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de 10 gcomhlacht faoina dtugtar fógra le haghaidh IVDR san Eoraip. Is féidir le NSAI measúnuithe comhréireachta a dhéanamh anois agus deimhnithe a bhfuil comhartha CE orthu a dheonú do dheantóirí feistí leighis, rud a chuirfidh ar a gcumas rochtain a fháil ar mhargadh na hEorpa.

Cigireachtaí iascaigh

Rinne Cigirí Méadreolaíochta Dlí an NSAI cigireachtaí ar iascaigh na hÉireann.

Márta 2023

Nuálaíocht ghnólachtaí beaga a cheiliúradh

Chuir NSAI catagóir Nuálaí na Bliana i láthair ag Gradaim Náisiúnta Ghnólachtaí Beaga Chumann na nGhnólachtaí Beaga chun éachtaí ghnólachtaí beaga a cheiliúradh agus béim a chur ar nuálaithe na hÉireann.

Gnó Níos Fearr a Thógáil

Chuir NSAI caighdeán agus deimhniú chun cinn do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide ag ocht n-imeacht le haghaidh Gnó Níos Fearr (BBB) i rith na bliana, arna n-eagrú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. I mí an Mhárta, rinneadh ceiliúradh ar an gcéad imeacht, i nDún na nGall.

Aibreán 2023

Garsprioc: tacaíocht d'onnmhaiseoirí

Bhain fochuideachta NSAI, NSAI Certification UK Ltd, creidiúnú amach ó UKAS — Seirbhís Creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe — faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta sa Ríocht Aontaithe.

Ceadaíonn marc UKCA d'onnmhaiseoirí in Éirinn táirgí a chur ar an margadh i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, nó leanúint de na táirgí sin a chur ar an margadh.

Aibreán 2023

Garsprioc: bainistíocht sábháilteachta bia

Dheimhnigh NSAI an 50ú gnólacht bia agus dí de chuid na hÉireann do FSSC 22000 i mí Aibreáin. Aithnítear an scéim deimhniúcháin ISO-bhunaithe seo le haghaidh córais bainistithe sábháilteachta bia agus tá sí tagarmharcáilte ag an GFSI (Global Food Safety Initiative).

Bealtaine 2023

Nuálaíocht i dteicneolaíocht na sláinte

Rinne NSAI urraíocht agus taispeántas ag comhdháil sláinte digití de Chumann Teicneolaíochta Leighis na hÉireann *Meeting of Minds* ag an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.

Cigireachtaí lasmuigh d'uaireanta an chloig

Déanann Cigirí Méadreolaíochta Dlí cigireachtaí lasmuigh d'uaireanta an chloig ar mhéadair tacsáí agus ar áitribh cheadúnaithe.

Tairbhí sochaíocha na méadreolaíochta a fheabhsú

D'fhreastail baill na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta (SNM) ar Chomhthionól Ginearálta Chomhlachas Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta (EURAMET).

Feabhsaíonn EURAMET sochair shochaíocha na méadreolaíochta trí bhonneagar tomhais atá comhtháite, cost-éifeachtúil agus iomaíoch go hidirnáisiúnta a fhorbairt.

Meitheamh 2023

Garsprioc: modhanna nua-aimseartha tógála

Chun glacadh le níos mó modhanna tógála nua-aimseartha a spreagadh i dtógáil na hÉireann, sheol NSAI a scéim deimhniúcháin in MMC, faoi phlean an Rialtais maidir le Tithíocht do Chách.

Gníomhú ar son na haeráide: moltaí a iarfheistiú

Chun tacú le hiarfheistiú faoi Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide an rialtais, sheol an tAire Simon Coveney agus an tAire Neale Richmond an Bailiúchán Iarfheistithe, bailiúchán nua de mholtaí caighdeánacha a thiomsaigh an NSAI. Is é is aidhm leis treoir a thabhairt d'iarrachtaí gairmithe tógála uasghráduithe foirgneamh atá ar ardchaighdeán, inbhuanaithe agus éifeachtúil a chur ar fáil.

Ionad nua barr feabhais inbhuanaitheachta

Bhunaigh NSAI an tIonad Barr Feabhais um Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheachta. D'fhorbair an Lárionad an chéad Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an NSAI faoi dheireadh na bliana.

Comhdháil MedTech in Toronto

Thug NSAI Crp, i gcomhar le Health Canada, cur i láthair ar threochtaí agus ábhair sa Chlár Iniúchta Aonair Feistí Leighis (MDSAP) ag Comhdháil MedTech Canada.



Iúil 2023

Garsprioc: Treochlár Intleachta Saorga

Sheol na hAirí Neale Richmond agus Dara Calleary Treochlár Caighdeán & Dearbhaithe Intleachta Saorga na hÉireann in éineacht le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NSAI, Geraldine Larkin agus Cathaoirleach, James Kennedy. Tá an treochlár seo, a d'fhoilsigh an NSAI, ar cheann de phríomhspríocanna Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga na hÉireann chun intleacht shaorga a fhorbairt agus a úsáid ar mhaithe le sochaí na hÉireann agus le geilleagar na hÉireann.

Cruinneas trádála a chinntiú

Sholáthair Cigirí Méadreaíochta Díl an NSAI tástáil chruinnis ar dhroichead meáchain agus ar scálaí ardáin.

Lúnasa 2023

Rannpháirtíocht níos mó i gcaighdeáin a spreagadh

Roghnaigh NSAI beirt ghairmithe óga chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag Ceardlann Gairmithe Óga an Choimisiúin Idirnáisiúnta Leictreicniúil (IEC) in 2023.

Meán Fómhair 2023

Garsprioc: an Chéad Ghreille Náisiúnta Chomhuainithe

D'fhógair Saotharlann Náisiúnta Mhéadreaíochta an NSAI (SNM) gur cuireadh an chéad Ghreille Náisiúnta um Chomhuainiú riamh in Éirinn i bhfeidhm. Cuireann sé rianú fíor-ama nach mór ar sheasmhacht clog i gcomórtas le hAm Uilíoch Lárnach (UTC).

Úsáid BIM sa tógáil a spreagadh

Rinne NSAI urraíocht agus bronnadh gradam ag ócáid Samhaltaithe Faisnéise Foirgneamh (BIM) CitA i mBaile Átha Luain, ag tacú le glacadh níos leithne le BIM in earnáil tógála na hÉireann.

Bualadh lenár bpáirtithe leasmhara i réimse na sláinte agus na tógála

Bhuail ionadaithe ó rannáin éagsúla NSAI le páirtithe leasmhara agus le cliantchomhlachtaí ag Comhdháil Construction Watch Homebond agus ag an Smart Health Summit.

Deireadh Fómhair 2023

Béim a leagan ar rannchuidiú na hÉireann maidir leis na spríocanna forbartha inbhuanaithe

D'aithin NSAI an rannchuidiú comhoibríoch a rinne saineolaithe in Éirinn chun Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach ag a Fhóram bliantúil um Lá na gCaighdeán Domhanda agus ag Searmanas Bronnta. Bhronn an tAire Neale Richmond an Ranníocaíocht leis an Dámhachtain Speisialta um Chaighdeánú Eorpach ar an Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Thug NSAI an duais isteach chun comóradh a dhéanamh ar an 50ú bliain de bhallraíocht na hÉireann san AE.

Feasacht ar shlándáil faisnéise a chothú

Chun Mí Chibearshlándála na hEorpa a cheiliúradh, sheol NSAI *Let's talk about information security*, feachtas feasachta agus sraith seimineár gréasáin, dírithe ar an earnáil phríobháideach agus ar an earnáil phoiblí araon

Samhain 2023

Garsprioc: an chéad mharc UKCA

D'fhógair an tAire Neale Richmond gur déantóir de chuid Luimnigh an chéad chuideachta Éireannach a bhain amach marc RACA ó NSAI Certification UK, fochuideachta de chuid an NSAI.

Is féidir le Croom Concrete, a fhostaíonn níos mó ná 90 duine go háitiúil, a tháirgí coincréite réamhthuartha, ar a bhfuil marc UKCA, a onnmhairiú anois go Sasana, go hAlbain agus go dtí an Bhreatain Bheag.

Greille comhuainithe a thaispeáint do lucht féachana idirnáisiúnta

Thug ionadaithe na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta cur i láthair ar thógáil Ghreille Náisiúnta Comhuainithe na hÉireann chuig 350 toscaire ag an International Timing and Sync Forum in Antuairp.

Aitheantas domhanda le haghaidh deimhniúcháin

Is comhlachas domhanda comhlachtaí deimhniúcháin é an Líonra Deimhniúcháin Idirnáisiúnta (IQNET), lena n-áirítear NSAI. Chun Lá IQNET a cheiliúradh, léirigh NSAI conas is féidir le heagraíochtaí a dheimhniú sé deimhniú IQNET a fháil freisin le haghaidh scéimeanna sonraithe.

Seimineár gréasáin san intleacht shaorga

Chun cabhrú le heagraíochtaí Éireannacha ullmhú d'Acht an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga, chuaigh NSAI i gcomhar le Caighdeáin na Danmhairge agus leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN agus CENELEC) chun seimineár gréasáin, *Future EU legislation on AI and the important role standards play* a óstáil. Ba thionscnamh é sin faoi Fhóram Ardleibhéil nua an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Caighdeánú.

Bualadh lenár bpáirtithe leasmhara

Chomhóstáil an NSAI Certification UK seimineár gréasáin do ghnólachtaí Éireannacha le hAmbasáid na Breataine agus Roinn Gnó agus Trádála na Ríochta Aontaithe, Understanding UKCA, UKNI and CE Marking.

Bhí ionadaithe ón tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta ar taispeáint ag Taispeántas Saotharlainne agus Seomra Glantacháin na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus thug siad cur i láthair, *How to Measure with Confidence*.

Nollaig 2023

Seimineár gréasáin maidir le hullmhacht agus freagairt

Chomhóstáil NSAI seimineár gréasáin leis an tionscadal Éiceachóras Cleachtais le haghaidh Caighdeán (PEERS), *Enhancing CBRN-E preparedness and response capabilities through standardisation*. Tá PEERS á mhaoiniú ag Horizon Europe.

Barr feabhais sa chlaochlú digiteach a chur chun cinn

Bhunaigh NSAI an tIonad Barr Feabhais um Chlaochlú Digiteach.



Ár gcuid oibre a chur i gcomhthéacs Forbheathnú straitéiseach agus beartais

Léiríonn spriocanna straitéiseacha NSAI cé chomh fairsing agus domhain is atá an t-eolas laistigh den eagraíocht, agus áirítear cion do bheartais náisiúnta. I gcaitheamh 2023, chuir ár gcuid oibre leis na spriocanna sin:

Fás ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide Éireannacha

I gceann dár bpríomhthionscadail straitéiseacha, *Ag tacú le fás eacnamaíoch náisiúnta agus le Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide*, d'fhorbair agus chuir NSAI uirlisí féinmheasúnaithe i bhfeidhm do FBManna a bhaineann le príomhchaighdeáin chórais bhainistíochta, ISO 9001 (córais bhainistíochta cáilíochta) agus ISO 27001 (bainistíocht slándála faisnéise). Reáchtáil sé feachtas feasachta agus sraith seimineár gréasáin d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann maidir leis na buntáistí a bhaineann le córas bainistíochta slándála faisnéise, *Let's talk about information security*.

Gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht

Thacaigh NSAI go hiomlán le soláthar beartas Eorpach agus náisiúnta faoin *bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide* trí sheirbhísí bonneagair theicniúil a chur ar fáil do na nithe seo a leanar:

- + teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn
- + modhanna ísealcharbóin agus modhanna nua-aimseartha tógála
- + oiriúnú don athrú aeráide
- + gabháil carbóin agus úsáid breoslaí malartacha.

Sheol NSAI bailiúchán nua de mholtaí caighdeánacha, *the Retrofit Collection* chun tacú le spriocanna iarfheistithe an rialtais faoin bplean seo. Tugann an bailiúchán nua seo treoir d'iarrachtaí gairmithe in earnáil na tógála uasghráduithe foirgneamh ardcháilíochta, inbhuanaithe agus éifeachtúla a chur ar fáil.

Claochlú digiteach

Faoi Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga na hÉireann, *IS - Is Cuid den Saol é Anois*, d'fhoilsigh NSAI an chéad Treochlár Caighdeán agus Dearbhaithe Intleachta Saorga. Is é is aidhm leis caighdeáin IS a fhorbairt agus a úsáid ar mhaithe le sochaí agus eacnamaíocht na hÉireann.

Fás ar theicneolaíocht leighis (medtech)

Lena ainmniú faoi Rialachán (AE) 2017/746 maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro, is féidir le NSAI measúnuithe comhréireachta a dhéanamh agus deimhnithe a bhfuil comhartha CE orthu a dheonú do dhéantóirí feistí leighis, rud a fhágfaidh go mbeidh rochtain acu ar an margadh Eorpach.

Freastal ar ghealltanais maidir le Tithíocht do Chách

Faoi bheartas an Rialtais maidir le Tithíocht do Chách, chuir NSAI an méid seo a leanas ar fáil:

- + deimhniúcháin ar an gcéim tógála
- + clárú ar mhodhanna nua-aimseartha tógála (MMC)
- + comhlíonadh ar shuiteáil chórais fhoirgníochta faoi rialacháin fhoirgníochta.

Bhunaigh NSAI a lárionad nua MMC agus a scéim deimhniúcháin nua i mí an Mheithimh 2023.



NSAI

NSAI ar líne

Éire: NSAI.ie

An Ríocht Aontaithe: NSAI.uk

Domhanda: NSAIinc.com

NSAI ar na meáin shóisialta



[linkedin.com/company/national-standards-authority-of-ireland](https://www.linkedin.com/company/national-standards-authority-of-ireland)



x.com/NSAI_standards



[instagram.com/NSAI_standards](https://www.instagram.com/NSAI_standards)



[facebook.com/NSAIstandards](https://www.facebook.com/NSAIstandards)

Ceanncheathrú NSAI

An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1 Cearnóg an Déin Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9, Éire. D09 A0E4

NSAI: Achoimre ar Nuacht

Chun nuashonruithe rialta a fháil ar chaighdeán, ar dheimhniú agus ar thomhas, cláraigh le hiris saor in aisce NSAI ag [NSAI.ie/Ezine](https://www.nsi.ie/Ezine) nó déan an Cód QR thíos a scanadh

Scan anseo le haghaidh Ríomhiris NSAI

